Iarchonnachta 1985[6]

Deireadh seachtaine an 31 Bealtaine go dtí 1 Meitheamh chruinnigh tuairim is 70 duine a raibh suim acu sa scéim ar a dtugaí "Iosrael in Iarchonnachta" nó "Plandáil Chonnacht" i gCill Chiaráin. Thángamar ann as gach cuid den tír. Bhunaíomar "Iarchonnachta 1985." Chuireamar ráiteas amach a dúirt gurb é:

> "cuspóir 'Iarchonnachta 1985' pobal agus saol ar thús cadhnaíochta na haimsire seo a thógáil in Iarchonnachta trí chomhoibriú idir muintir an réigiúin agus cainteoirí Gaeilge a chuirfidh fúthu ann."

Ciallaíonn sé sin bailte nua. Ciallaíonn sé eacnamaíocht atá bunaithe ar dhéantús ardscileúil, ar loingeas agus ar iascaireacht — is é sin, eacnamaíocht Iarchonnacht 100 bliain ó shin ach í i bhfoirmeacha agus ar mhodhanna an fichiú haois, ag glacadh sampla ón Eilvéis agus ón Ioruaidh. Ciallaíonn sé údarás áitiúil don réigiún, nuachtán náisiúnta Gaeilge ann, stáisiún raidió, aerfort chun iasc a sheachadh chun na Mór-roinne. Ciallaíonn sé pictiúrlanna agus scannáin i nGaeilge, ospidéal ceantair, gruagairí ban, búistéirí, clódóirí, tithe níocháin, táilliúirí, caiféanna, srl. Ciallaíonn sé méadú mór ar dhaonra Iarchonnacht.

Creidimid go bhfuil sé ciallmhar é seo go léir a bheith mar aidhm againn agus nach fiú aidhm níos lú a bheith againn. Creidimid go bhfuil sé ciallmhar toisc go bhfuil éirim aigne flúirseach in Iarchonnachta agus toisc go bhfuil Iarchonnachta suite i lár chósta thiar na hEorpa ar imeall an Atlantaigh agus ar aghaidh an domhain mhóir amach.

Tá práinn leis an obair seo ach níl na scileanna atá riachtanach chuige ar fáil go flúirseach fós in Iarchonnachta. Tá siad ar fáil i measc chainteoirí Gaeilge na hÉireann agus na Breataine, agus is maith an rud go bhfuil; mar is mian linn go gcoinneofaí agus go neartófaí an Ghaeilge mar theanga labhartha Iarchonnacht. Is mian linn go mbeidh pobal Iarchonnacht mar phobal eithneach agus mar bhuntaca de phobal Gaelach in Éirinn uile amach anseo — táimid dáiríre faoin 'Athbheochan.' Mar sin ní mór na cainteoirí Gaeilge a bhfuil na scileanna acu a aimsiú agus oifigí imirce a bhunú chun iad a threorú siar.

Táimid ag iarraidh ar na príomheagrais agus ar na príomhfhoilseacháin Ghaeilge an seans seo a aithint agus a gceanncheathrúna a aistriú go hIarchonnachta. Táimid ag iarraidh ar pharóisti Iarchonnacht — sa mhéid nach bhfuil sé déanta cheana acu — comhairlí paróiste a thoghadh agus comhchomhairle a bhunú. Chuirfeadh na comhairlí seo eolas úsáideach ar fáil dtaobh láithreacha do thithe nua, do mhonarchana, srl., agus i dtaobh oiliúna atá ag teastáil. Ghlacfaidís páirt ghníomhach san obair. Ach tá mórán eolais le bailiú freisin ar fud an domhain, mórán le foghlaim, mórán taighde le déanamh.

Tá coiste againn i mBaile Átha Cliath agus coiste sealadach in Iarchonnachta a bheas ina choiste tofa nuair a bheas go leor ball cláraithe againn ann. Tá lárchoiste againn a thiocfaidh le chéile ó am go ham i bPort Omna nó in Iarchonnachta.

I bhfocal amháin: is mian linn eachtra nua-aoiseach a chur ar fáil do phobal na hÉireann agus don óige go sonrach.

Más mian leat a bheith páirteach linn san obair seo ar bhealach ar bith, cuir síntiús bliana £5 chuig:

SEOSAMH Ó CUAIG, Cill Chiaráin, nó
SÉAMAS Ó SÍOCHÁIN, 139 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

Clárófar tú mar bhall de IARCHONNACHTA 1985 agus cuirfear scéala chugat i dtaobh chruinnithe, srl.

[6]Billeog a scaipeadh deireadh Meithimh.